Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10563/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0090(COD)**

**CODEC 977
ENER 325
ENV 652
CLIMA 310
IND 253
RECH 402
COMPET 532
ECOFIN 655**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Márta 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim an 18 Bealtaine 2022[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún agus chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 25 Bealtaine 2022, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) ina gcuirtear in iúl, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe ag saineolaithe dlí agus teanga an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

---

1 7406/22.
2 Nár foilsíodh fós in IO.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Meitheamh 2022[3].

6. Ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Meitheamh 2022, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfadh sé ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 24/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 24/22 é, a fhormheas.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 10562/22.